



---

*Uimhir 3 de 2015*

---

**ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA (LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**Alt**

1. Míniú
2. Leasú ar alt 67(2)(e) den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 74(3) den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 84(1) den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 98(5) den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 102 den Phríomh-Acht
7. An Coimisiún Ombudsman do dhéanamh imscrúdú ar nithe a bhaineann le Coimisinéir an Gharda Síochána
8. Leasú ar alt 103 den Phríomh-Acht
9. Faisnéis a sholáthar don Choimisiún Ombudsman
10. Cleachtais, beartais agus nósanna imeachta áirithe de chuid an Gharda Síochána a scrúdú
11. Leasú ar alt 117(2) den Phríomh-Acht
12. Leasú ar an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993
13. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009
14. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 (Uimh. 19)

Acht an Gharda Síochána, 2005 (Uimh. 20)

Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2007

An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 (Uimh. 10)

Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Uimh. 14)



---

*Uimhir 3 de 2015*

---

## **ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA (LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do leasú chumhachtaí agus fheidhmeanna Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i ndáil le gearáin, imscrúduithe agus nósanna imeachta eile; chun na críche sin, do leasú Acht an Gharda Síochána, 2005, an Achta um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009; do dhéanamh socrú chun leasú a bhaineann le feidhmeanna Chigireacht an Gharda Síochána a dhéanamh ar Acht an Gharda Síochána, 2005; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[9 Márta 2015]

### **Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

#### **Míniú**

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht an Gharda Síochána, 2005.

#### **Leasú ar alt 67(2)(e) den Phríomh-Acht**

2. Leasaítear alt 67(2)(e) den Phríomh-Acht trí “nó 102B” a chur isteach i ndiaidh “de réir alt 102”.

#### **Leasú ar alt 74(3) den Phríomh-Acht**

3. Leasaítear alt 74(3) den Phríomh-Acht trí “nó 102B” a chur isteach i ndiaidh “arna chur chun feidhme le halt 102”.

#### **Leasú ar alt 84(1) den Phríomh-Acht**

4. Leasaítear alt 84(1) den Phríomh-Acht trí “laistigh den tréimhse 12 mhí” a chur in ionad “laistigh den tréimhse 6 mhí”.

#### **Leasú ar alt 98(5) den Phríomh-Acht**

5. Leasaítear alt 98(5) den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “achtachán”:

“ciallaíonn ‘achtachán’ reacht nó ionstraim reachtúil, cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis a ritheadh nó a rinneadh é nó í, nó aon chuid de reacht nó d’ionstraim reachtúil den sórt sin, ach ní fholáíonn sé aon fhoráil de na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998;”.

**Leasú ar alt 102 den Phríomh-Acht****6. Leasaítear alt 102 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (5), trí “aon ní a imscrúdú is bun le himní” a chur in ionad “aon ní a imscrúdú ar dealraitheach don Aire go dtugann sé le fios”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman ní a imscrúdú faoi fho-alt (4) nó (5) fiú más rud é—

(a) go mb’fhéidir nach bhfuil céannacht an chomhalta lena mbaineann den Gharda Síochána ar eolas nuair a ghabhtar an t-imscrúdú de lámh, nó

(b) go mb’fhéidir go mbaineann nó gur bhain an cion nó an t-iompar lena mbaineann freisin le duine nach comhalta den Gharda Síochána.”.

**An Coimisiún Ombudsman do dhéanamh imscrúdú ar nithe a bhaineann le Coimisinéir an Gharda Síochána****7. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 102A (a cuireadh isteach le halt 19 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014):**

“102B. (1) Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, más dealraitheach dó gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh agus faoi réir thoiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Rialtais, imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is bun le himní—

(a) go mb’fhéidir go ndearna Coimisinéir an Gharda Síochána cion, nó

(b) go mb’fhéidir gur iompair Coimisinéir an Gharda Síochána é féin nó í féin ar mhodh arbh ionann é agus mí-iompar tromchúiseach.

(2) Féadfaidh an tAire, le ceadú an Rialtais agus má mheasann sé nó sí gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh, a iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is bun le himní go mb’fhéidir go ndearna Coimisinéir an Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní sin.

(3) Le ceadú an Rialtais, féadfaidh an tAire, ar chúiseanna sonrath, diúltú toiliú le himscrúdú ag an gCoimisiún Ombudsman ar aon ní faoi fho-alt (2).

(4) Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, chun críocha imscrúdú ar ní faoi fho-alt (1) nó (2), a ordú d’oifigeach ainmnithe don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an ní faoi alt 98 agus, chun na críche sin, déanfar an tagairt in alt 98(1) d’alt 91(2)(b), 92(c), 94(8)(a) nó 94(11)(b) i dtaobh imscrúdú a dhéanamh ar ghearán a léamh mar thagairt don fho-alt seo i dtaobh imscrúdú a dhéanamh ar ní faoi fho-alt (1) nó (2), de réir mar a bheidh.

(5) Beidh feidhm ag ailt 95, 96, 99 agus 101 maidir le himscrúdú faoi fho-alt (1) nó (2) ag an gCoimisiún Ombudsman ar ní a bhaineann le hiompar

Choimisinéir an Gharda Síochána mar atá feidhm acu maidir le ní is ábhar do ghearán i dtaobh iompar comhalta den Gharda Síochána (seachas Coimisinéir an Gharda Síochána), fairis na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) in alt 95, an fo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) A luaithe is indéanta tar éis imscrúdú faoin alt seo a thabhairt chun críche, tabharfaidh an Coimisiún Ombudsman tuarascáil ar an imscrúdú don Aire.”;

(b) in alt 101(6), “imscrúdú faoi alt 95, féadfaidh sé dul ar aghaidh de réir an ailt sin” a chur in ionad “imscrúdú faoi alt 94 nó 95, féadfaidh sé dul ar aghaidh de réir ceachtar de na hailt sin de réir mar is cuí.”.

### **Leasú ar alt 103 den Phríomh-Acht**

#### **8. Leasaítear alt 103 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (1)(b)—

(i) i bhfomhír (i), trí “má tá a chéannacht nó a céannacht ar eolas” a chur isteach i ndiaidh “is ábhar don imscrúdú”, agus

(ii) i bhfomhír (iv), trí “leas leordhóthanach a bheith aige nó aici sa ní;” a chur in ionad “leas leordhóthanach a bheith aige nó aici sa ní.”,

agus

(b) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur leis:

“(c) más imscrúdú lena mbaineann alt 102B an t-imscrúdú—

(i) Coimisinéir an Gharda Síochána,

(ii) an tAire, agus

(iii) aon duine eile a measann an Coimisiún leas leordhóthanach a bheith aige nó aici sa ní.”.

### **Faisnéis a sholáthar don Choimisiún Ombudsman**

#### **9. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 103:**

“**103A.** Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda Síochána, maidir le faisnéis a bheidh le soláthar ag an nGarda Síochána don Choimisiún Ombudsman chun críocha imscrúdú ag an gCoimisiún ar ghearán, nó chun críocha imscrúdú ag an gCoimisiún ar aon ní faoi alt 102 nó 102B, go ndéanfar í a sholáthar amhlaidh a luaithe is indéanta.”.

### **Cleachtais, beartais agus nósanna imeachta áirithe de chuid an Gharda Síochána a scrúdú**

#### **10. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 106:**

- “106. (1) Chun nach n-éireoidh gearáin i ndáil le cleachtas, beartas nó nós imeachta de chuid an Gharda Síochána nó chun minicíocht gearán den sórt sin a laghdú—
- (a) féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh, nó
  - (b) déanfaidh an Coimisiún, má iarrann an tAire amhlaidh air laistigh de cibé tréimhse a shonróidh sé nó sí san iarraidh,
- an cleachtas, an beartas nó an nós imeachta a scrúdú.
- (2) Déanfaidh an Coimisiún Ombudsman, roimh scrúdú ar chleachtas, beartas nó nós imeachta faoi fho-alt (1), an méid seo a leanas a chur in iúl do Choimisinéir an Gharda Síochána i scríbhinn—
- (a) más cuí, an cineál iarrata ón Aire faoi fho-alt (1)(b),
  - (b) an cleachtas, an beartas nó an nós imeachta sonracha a bheidh le scrúdú faoi fho-alt (1), agus
  - (c) na cúiseanna atá leis an scrúdú.
- (3) Déanfaidh an Coimisiún Ombudsman—
- (a) tuarascáil ar thorthaí an scrúdaithe a thabhairt don Aire a luaithe is indéanta nó, más cuí, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tAire ina iarraidh nó ina hiarraidh faoi fho-alt (1)(b),
  - (b) aon mholtaí ón gCoimisiún, chun an cuspóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i ndáil leis an gcleachtas, leis an mbeartas nó leis an nós imeachta a mbeidh scrúdú á dhéanamh air a bhaint amach, a áireamh sa tuarascáil, agus
  - (c) cóip den tuarascáil a sholáthar do Choimisinéir an Gharda Síochána.
- (4) Faoi réir fho-alt (5), cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna d’aon tuarascálacha a gheobhaidh sé nó sí faoi fho-alt (3) a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- (5) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh ó na cóipeanna de thuarascálacha a bheidh le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi fho-alt (4), ar ní é, i dtuairim an Aire—
- (a) a dhéanfadh dochar do leasanna na slándála náisiúnta, nó
  - (b) a d’fhéadfadh déanamh ciona a éascú, dochar a dhéanamh d’imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.”.

### **Leasú ar alt 117(2) den Phríomh-Acht**

11. Leasaítear alt 117(2) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ar mhaithe lena cuspóir iniúchtaí nó fiosrúcháin a dhéanamh i ndáil le haon ghnéithe áirithe d’oibriú agus de riaradh an Gharda Síochána má mheasann sí gur cuí déanamh amhlaidh nó ar iarraidh a fháil ón Aire.”.

**Leasú ar an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993**

12. Leasaítear an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993—

(a) in alt 1, tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána’ an comhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána atá ceaptha nó ag gníomhú mar chathaoirleach air faoi alt 65 d’Acht an Gharda Síochána, 2005;”.

(b) in alt 4(a)—

(i) i bhfomhír (i)(I), trí “nó ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána” a chur isteach i ndiaidh “ag an nGarda Síochána”,

(ii) i bhfomhír (ii), tríd an glásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (I):

“(I) i gcás cion tromchúiseach a thuarar ach nach ndearnadh—

(A) d’fhonn déanamh an chiona a chosc, go bhfuil imscrúduithe á ndéanamh ag an nGarda Síochána nó ag údarás poiblí eile a bhfuil sé de chúram air cionta den chineál atá i gceist a chosc, nó

(B) d’fhonn a chumasú an cion a bhrath, má dhéantar é, go bhfuil imscrúduithe á ndéanamh ag an nGarda Síochána nó ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó ag údarás poiblí eile a bhfuil sé de chúram air cionta den chineál atá i gceist a imscrúdú.”.

(c) in alt 6(1)(a), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) i gcás gur chun imscrúdú coiriúil a dhéanamh an t-údarú—

(I) ag an gCoimisinéir, nó

(II) ag cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, agus”.

(d) in alt 7, trí “, cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána” a chur isteach i ndiaidh “an Coimisinéir”, agus

(e) in alt 10(2)(d)(i), trí “nó aon duine atá ar fostú ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána faoi alt 74 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 agus atá ainmnithe aige faoi alt 73 den Acht sin chun feidhmeanna faoi aon fhorálacha de Chuid 4 den Acht sin a chomhlíonadh” a chur isteach i ndiaidh “den Gharda Síochána”.

**Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009****13. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009—**

(a) in alt 1—

(i) sa mhíniú ar “Aire iomchuí”, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) an tAire—

(i) i ndáil le ceaduithe arna ndeonú ag oifigeach uachtarach den Gharda Síochána, agus i ndáil le doiciméid agus faisnéis atá i gcoimeád an Gharda Síochána, agus

(ii) i ndáil le ceaduithe arna ndeonú ag oifigeach uachtarach don Choimisiún Ombudsman, agus i ndáil le doiciméid agus faisnéis atá i gcoimeád an Choimisiúin Ombudsman,”

(ii) sa mhíniú ar “oifigeach uachtarach”, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás an Choimisiúin Ombudsman, comhalta den Choimisiún Ombudsman seachas a chathaoirleach;”

(iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cathaoirleach’, i ndáil leis an gCoimisiún Ombudsman, an comhalta den Choimisiún Ombudsman atá ceaptha nó ag gníomhú mar chathaoirleach air faoi alt 65 d’Acht an Gharda Síochána, 2005;

ciallaíonn ‘oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman’—

(a) oifigeach don Choimisiún Ombudsman, nó

(b) duine atá ar fostú ag an gCoimisiún Ombudsman faoi alt 74 d’Acht an Gharda Síochána, 2005,

atá ainmnithe ag an gCoimisiún Ombudsman faoi alt 73 den Acht sin chun feidhmeanna faoi aon fhorálacha de Chuid 4 den Acht sin a chomhlíonadh;

ciallaíonn ‘comhalta den Choimisiún Ombudsman’ comhalta den Choimisiún Ombudsman arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 65 d’Acht an Gharda Síochána, 2005;

ciallaíonn ‘Coimisiún Ombudsman’ Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána;”

(b) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), trí “oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “comhaltaí den Gharda Síochána,” agus

(ii) i bhfo-alt (4)(b), trí “nó ag oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman” a chur isteach i ndiaidh “comhaltaí den Gharda Síochána”,



(c) in alt 3, trí “oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “comhalta den Gharda Síochána,”

(d) in alt 4—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfaidh oifigeach uachtarach don Choimisiún Ombudsman iarratas a dhéanamh chuig breitheamh ar údarú i gcás go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint gur gá, mar chuid d’imscrúdú a bheidh á dhéanamh ag an gCoimisiún Ombudsman i dtaobh cion inghabhála, an faireachas a iarrtar a údarú chun faisnéis a fháil i dtaobh an amhlaidh go ndearnadh an cion nó i dtaobh na n-imthosca a bhaineann le déanamh an chiona, nó chun fianaise a fháil chun críocha imeachtaí i ndáil leis an gcion.”

agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí “faoi fho-alt (1), (1A), (2), (3) nó (4)” a chur in ionad “faoi fho-alt (1), (2), (3) nó (4)”

(e) in alt 5—

(i) i bhfo-alt (2)(a), trí “na ceanglais a shonraítear i bhfo-alt (1), (1A), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4” a chur in ionad “na ceanglais a shonraítear i bhfo-alt (1), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4”, agus

(ii) i bhfo-alt (7), trí “d’aon oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “d’aon chomhalta den Gharda Síochána,”

(f) in alt 7—

(i) i bhfo-alt (1), trí “oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “comhalta den Gharda Síochána,”

(ii) i bhfo-alt (2), trí “ceanglais fho-alt (1), (1A), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4” a chur in ionad “ceanglais fho-alt (1), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4”,

(iii) i bhfo-alt (7)(c), trí “an oifigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “an chomhalta den Gharda Síochána,” agus

(iv) i bhfo-alt (12), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman, do chathaoirleach an Choimisiúin Ombudsman,”

(g) in alt 8—

(i) i bhfo-alt (1), trí “oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “comhalta den Gharda Síochána,”

(ii) i bhfo-alt (2)(a), trí “ceanglais fho-alt (1), (1A), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4” a chur in ionad “ceanglais fho-alt (1), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, d’alt 4”,

(iii) i bhfo-alt (7)(c), trí “an oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “an chomhalta den Gharda Síochána,” agus

(iv) i bhfo-alt (10), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman, do chathaoirleach an Choimisiúin Ombudsman,”

(h) in alt 11—

(i) i bhfo-alt (2), trí “maidir le duine” a chur isteach roimh “a gheobhaidh tuarascáil faoi alt 7(12) nó 8(10)”,

(ii) i bhfo-alt (5)(c)—

(I) i bhfomhír (i), trí “don Choimisiún Ombudsman” a chur in ionad “do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána”, agus

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) don Aire, i gcás sárú a bheith déanta ag an gCoimisiún Ombudsman,”

agus

(iii) i bhfo-alt (10), trí “an Choimisiúin Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “áite atá faoi rialú”,

(i) in alt 12(5), trí “an Choimisiúin Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “áite atá faoi rialú”,

(j) in alt 13(4)—

(i) i mír (d)(i) den mhíniú ar “duine údaraithe”, trí “cathaoirleach an Choimisiúin Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “Coimisinéir an Gharda Síochána,” agus

(ii) sa mhíniú ar “duine iomchuí”—

(I) i mír (a), trí “ina oifigeach ainmnithe nó ina hoifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “ina chomhalta nó ina comhalta den Gharda Síochána,”

(II) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) ina oifigeach nó ina hoifigeach don Choimisiún Ombudsman seachas oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,”

agus

(III) i mír (e), trí “leis an gCoimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “leis an nGarda Síochána,” agus “don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “don Gharda Síochána,”

(k) in alt 14—

(i) i bhfo-alt (4)(a), trí “aon oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman lena mbaineann,” a chur isteach i ndiaidh “aon chomhalta den Gharda Síochána lena mbaineann,” agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí “oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “comhalta den Gharda Síochána,”

agus

(l) in alt 15(2)(c), trí “an Choimisiún Ombudsman,” a chur isteach i ndiaidh “oibríochtaí an Gharda Síochána.”

#### **Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

- 14.** (1) Féadfar Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2015 a ghairm d’Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2007 agus den Acht seo (seachas *ailt 12* agus *13*) le chéile.
- (3) Féadfar na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 agus 2015 a ghairm den Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 agus *d’alt 13* le chéile.
- (4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.